



## Lá Mór na Gaeilge i bPáras

**Ciarán Mac Guill agus Pól Mac Uistín ar an gcomóradh ilteangach ar 1916 cois Seine ar ball**

Bhí lá mór ag na Gaeil i bPáras na Fraince Dé Domhnaigh, 10 Aibreán 2016, nuair a tionóladh Comóradh Éirí Amach na Cásca 1916 ag Coláiste na nGael, ardionad stairiúil na nÉireannach atá suite ar Rue des Irlandais, in aice leis an Pantheon, i gcroílár quartier historique na príomhchathrach, An Cheathrú Laidineach.



Eagraithe faoi choimirce chraobh áitiúil Chonradh na Gaeilge - An Ghaeltacht-sur-Seine - bhí clár speisiúil, spráúil d'imeachtaí curtha le chéile a mheall breis 's 200 duine, idir óg agus aosta. Comhpháirteach sa lá bhí Séipéal Naomh Pádraig, an Centre Culturel Irlandais, Ambasáid na hÉireann, Paris Gaels GAA agus an Club Amhránaíochta.

Bhí blas idirnáisiúnta ag an gceiliúradh trí chéile. Go dátheangach a bhí na himeachtaí go léir ar siúl agus ní Béarla a bhí sa dara teanga, ach Fraincis. A lán Francaigh a bhí i láthair, agus bhí siad fíorbhuíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun stair agus oidhreacht na hÉireann a chur in iúl as teanga Molière.

Thosaigh an Comóradh ar maidin le hAifreann as Gaeilge, bhí picnic mhór ann ina dhiaidh le caife Gaelach, ansin taispeántas peile agus iománaíochta. Lean an tráthnóna ar aghaidh le léacht bhríomhar agus léamh filíochta faoi thréimhse an Éirí Amach. Chomh maith leis sin, taispeánadh scannán as Gaeilge, *Éire Cruthú Náisiúin nó Naissance d'un Pays* le fotheidil as Fraincis déanta go speisialta don ócáid. Íomhánna iontacha as an gcartlann le feiceáil ann, agus an-fheiliúnach a bhí sé freisin gur de thoradh turais a rinne na deartháireacha iomráiteacha Francaigh, les Frères Lumières, a tháinig na híomhánna, na chéad chinn riamh, de Bhaile Átha Cliath i 1897.

Bhí léamh dhrámatúil de Fhorógra na Poblachta as Gaeilge agus ansin léadh é - den chéad uair riamh b'fhéidir - as Fraincis, na léitheoirí gléasta in éadaí stairiúla na tréimhse. Seisiún amhráin a bhí ann ansin. Thug an Club Amhránaíochta rogha amhráin réabhlóideach - *An Drúcht Geal Ceo*, *Oró Sé do Bheatha 'Bhaile*, agus *Mo Ghile Mear* ina measc - rogha a bhí sollúnta agus spleodrach, agus a chuir in iúl go bríomhar atmaisféir na tréimhse úd corraitheach. Leanadh ar aghaidh le léacht dánta a raibh



baint acu leis an Éirí Amach: *An Fiach Dubh*, le Piaras Béaslaí agus *Duilleoga ar an Life*, le Séamus Ó Néill.

I measc na himeachtaí siamsúla eile, bhí blaiseadh uisce beatha, seisiún ceoil, agus taispeántas spóirt ó na Paris Gaels GAA. Bhí aimsir ghalánta an Earraigh ann ar bhruach na Seine ar an lá, agus lean an tráthnóna caidrimh ar aghaidh i gclós an Choláiste tar éis na n-imeachtaí oifigiúla. Bhí cuairt speisialta fiú ó TG4, nuair a tháinig an t-údar agus ceoltóir Rossa Ó Snodaigh chun labhairt le cuid mhaith daoine óna 450 ball den Ghaeltacht-sur-Seine. Beidh na hagallaimh agus cuid den Chomóradh stairiúil le feiceáil ar TG4 i mí Mheán Fómhair 2016.



**Amharc ar [www.paris-gaelique.com](http://www.paris-gaelique.com) le gach eolas a fháil**

*Is Cathaoirleach ar Chraobh Chonradh na Gaeilge, Páras é Ciarán Mac Guill*